2025/668

2.4.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/668 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Samhain 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg i bhfearann an lucht saothair a shonrú le haghaidh ábhar *ad hoc* 2026 maidir leis an bhFostaíocht ar Ardáin Dhigiteacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/982 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais a shainaithnítear sna topaicí mionsonraithe ábhartha a chumhdach, is gá líon agus teideal na n-athróg a shonrú i bhfearann an lucht saothair le haghaidh ábhar *ad hoc* 2026 maidir leis an bhFostaíocht ar Ardáin Dhigiteacha.

(2) Níor cheart an líon athróg a bheidh le bailiú a bheith níos mó ná 5 % os cionn an lín athróg a bailíodh le haghaidh fhearann an lucht saothair tráth a tháinig Rialachán (AE) 2019/1700 i bhfeidhm.

(3) Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le saineolaithe náisiúnta mar chuid d'ullmhú an Rialacháin tharmligthe seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Líon agus teideal na n-athróg le haghaidh ábhar *ad hoc* 2026 maidir le Fostaíocht ar Ardáin Dhigiteacha i bhfearann an lucht saothair, is éard a bheidh iontu an méid a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Líon agus teideal na n-athróg i bhfearann an lucht saothair a mhéid a bhaineann leis an tacar athróg le haghaidh ábhar *ad hoc* 2026 maidir le Fostaíocht ar Ardáin Dhigiteacha.

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir athróige	Ainm athróige
3d. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair – *11 athróg ar bailíodh sonraí ina leith (11 athróg a bhaineann le hábhar ad hoc)*	Fostaíocht ar ardáin dhigiteacha	DPWORK	Réimse gníomhaíochta na príomhoibre íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas
		DPINTENS	Déine na hoibre íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas
		DPHRSW	Meánlíon na n-uaireanta an chloig íoctha a oibríodh in aghaidh na míosa le 12 mhí anuas, ar ardáin dhigiteacha
		DPINC	Sciar an ioncaim iomláin ó ardáin dhigiteacha i gcoibhneas le hioncam iomlán pearsanta le 12 mhí anuas
		DPMR	Príomhchúis leis an obair íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas
		DPASG	Sannacháin sa phríomhobair íoctha ar ardáin dhigiteacha a rinneadh le 12 mhí anuas
		DPREJ	Féidearthacht diúltú do chúraimí sa phríomhobair íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas
		DPHSET	Údarás chun cinneadh a dhéanamh faoin am a dhéantar na huaireanta oibre i gcás na príomhoibre íoctha ar ardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas
		DPPSET	Údarás chun praghsanna a shocrú sa phríomhobair íoctha ar na hardáin dhigiteacha le 12 mhí anuas
		DPINSCOV	Saoire íoctha nó sochair shaoire i gcás breoiteachta
		DPMAIN	Obair íoctha ar ardáin dhigiteacha mar phríomhphost, post tánaisteach nó post eile sa tseachtain tagartha